

Fáilte

Fáilte go dtí Eagrán 6 de nuachtlitir Eolaíochta SSM. Tugaigí spleáchadh ar www.jct.ie mar a bhfaighidh sibh na [príomhdoichiméid](#) a bheidh ag teastáil uaihb agus sibh ag cur na sonraíochta i bhfeidhm in bhur seomraí ranga.

Tá ceisteanna samplacha, samplaí de mheasúnuithe rangbhunaithe agus samplaí anótáilte de shaothar scoláirí go dtí seo le fáil ar www.curriculumonline.ie.

FANAIGÍ I dTEAGMHÁIL

info@jct.ie



[@JCTScience](https://twitter.com/JCTScience)



Team emails



De bharr an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) beidh oraibh athchlárú a dhéanamh [anseo](#) chun a chinntiú go bhfuil sibh ar an liosta seachadta againn. Gheobhaidh sibh sonraí ar ár gcuid imeachtaí agus ar ár ndeiseanna roghnacha uile atá ag teacht, chomh maith le mionsonraí ar an gcaoi le clárú i gcomhair seimineáir ghréasáin agus deiseanna eile rannpháirtíochta.

An Nuacht is Déanaí


Tá athrú i ndiaidh teacht ar an uain 3 seachtaine le haghaidh MRB 2, an tIníúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES), faoi réir Chiorclán [0079/2018](#) agus is féidir leis a bheith ann anois sa tréimhse 12 Samhain go dtí 15 Márta 2019. Is ag leibhéal na scoile a dhéanfar an cinneadh cén uair a tharlóidh na MRBna Eolaíochta.

Rinneadh leagan leasaithe de na [Treoirínte Measúnaithe](#) (atá le húsáid le MRBna ó Dheireadh Fómhair 2018). Ba chóir iad sin a úsáid le linn measúnú a dhéanamh ar MRB 1 agus 2 Rinneadh leasuithe ar na Gnéithe Cáilíochta freisin agus is féidir acmhainn a fháil le cabhrú leat nuair a bheidh tú á n-úsáid [anseo](#). Táimid ag súil le gach rud a chlosteáil faoi thaighde bhur gcuid scoláirí agus guímid ádh mór orthu agus iad ag tabhairt faoin IES acu.

Cuireadh leabhrán an Tasc Mheasúnaithe chuig gach scoil agus tá sampla ar fáil [anseo](#) freisin. Is le linn na seachtaine i ndiaidh an tIníúchadh Eolaíochta sa tSochaí a chríochnú a dhéanfar an Tasc Measúnaithe. Tá físghabháil scaileáin ghairid le sibh a threorú trí na céimeanna atá i gceist leis an Tasc Measúnaithe le fáil [anseo](#).

Cnuaslaethanta 2018/19

Tá an lá cnuasaigh reatha á reáchtáil againn ó Shamhain go deireadh mhí Mhárta 2019. Cuireann sé gliondar orainn na múinteoirí Eolaíochta uile a thabhairt le chéile a chomhroinnt a gcuid cleachtas agus a gcuid eispéreas sa seomra ranga linn. I rith an lae FGL reatha bíonn múinteoirí ag machnamh ar MRB 1, oibríonn siad ar shonraí ón tsonraíocht, déanann siad comhphleanáil ar aonaid oibre agus bíonn deis acu tabhairt faoina lán gníomhaíochtaí foghlama chun cur lena bhfoghlaim ghairmiúil féin i gcúrsaí measúnachta. Tá acmhainn ón gceardlann reatha le fáil [anseo](#).



Fáilte mhór roimh Aine Boland, an ball is úire den fhoireann Eolaíochta lánaimseartha.

Teicneolaíochtaí Foghlama Digiteacha

Seo daoibh roinnt acmhainn atá múinteoirí Eolaíochta i ndiaidh a úsáid ina gcuid seomraí ranga

Kahoot

Coggle

Mentimeter

Quizlet

Powtoon

StoryboardThat





@JCTSteAm sin é an cuntas oifigiúil Twitter a bhaineann le tionscnamh roghnach FGL ETI(E)M an SSM sa tSraith Shóisearach. Is ar an 12ú Eanáir 2019 a lainseálfar an clár FGL idirdhisciplíneach seo agus a chuirfear faoi bhráid mhúinteoirí é ar fud na tíre. I mbliana, beidh múinteoirí **ag amharc i dtreo Éireann 2050** i gcomhthéacs na n-aigéan, na n-éicea-chóras, feistí inchaite agus daoine daonna. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, conas clárú ina measc, [anseo](#).



Eolaíocht SSM Amuigh ar a Camchuairt



Níl san Eolaíocht ach an focal a úsáidimid chun cur síos ar mhodh a mbainimid úsáid as lenár bhfiosracht a eagrú
Tim Minchin

Thug foireann Eolaíochta SSM turais le múinteoirí ó dhuibheagán an aigéin go dtí Bealach na Bó Finne an téarma seo. Ag an gcomhdháil CHEM-ED 2018 réachtáil muid ceardlann ar choincheapa leathana Ceimice ag úsáid intuaslacht agus linnte dé-ocsaíd charbóin mar mheán taistil. Thaisit muid ansin go Caisleán Bhiorra le haghaidh Sheachtain Faireachlainne don Spás, i gcomhpháirt le Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe ITC, ESERO Éireann, Garraithe Chaisleán Bhiorra agus an Lárionad Eolaíochta chun comhdháil tionscnaimh a eagrú dar teideal “An Domhan agus an Spás sa tSraith Shóisearach a Theagasc”. Bhí ceardlanna, aochainteoirí agus díospóireacht phainéil ina gcuid den lá seo chomh maith le turas faoi garraithe

Chaisleán Bhiorra ina bhfuil teacht ar I-LOFAR agus ar theileascóp Leviathan.



An Painéal Díospóireachta: C – D an Dr. Niall Smith (ITC), Rosa Doran (spreagchainteoir), Stephanie O’Neill (SFI/ESERO) agus an Dr. tSraith Shóisearach”. David King (SSM)

Stad muid seal ag ‘Teorainneacha na Fisce’ Dé Sathairn an 29ú Meán Fómhair. Bhí lúcháir orainn an deis a fháil a bheith ag plé le Múinteoirí Fisce agus Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí. Thaitin se go mór linn a chloisteáil faoin taithí atá agaibh ar Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, sibhse uile a stad ag an seastán s’againn le comhrá a dhéanamh linn an mhaidin sin. San iarnóin, bhí roinnt plé iontach againn agus muid ag gabháil do dhá sheisiún den cheardlann againn inar fhiosraigh muid “Coincheapa Leathana Fisce sa tSraith Shóisearach”.

ACMHAINNÍ MRB 2

D’fhéadfadh na hacmhainní a théann leis an taifeadadh den [seimineár gréasáin](#) is déanaí linn dar teideal: Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí: Doras chun an Taighde a Oscailt d’fhéadfadh siad cabhrú le scoláirí agus iad ag tabhairt faoin taighde le linn a dtrí bliana. Tá ionchur agus rannpháirtíocht mhúinteoirí ar an oíche le fáil [anseo](#).



Ba mhór an pléisiúr ag Comhairleoirí Eolaíochta SSM Niall Kelly agus Aine Boland a bheith ina mbaill den phainéal moltóireachta ar Chraobhchomórtas Náisiúnta SciFest in Institiúid Oideachais Marino. Tá gradam nua ann in 2019 ‘Máistrí an Bhroadcom’ i gcomhar scoláirí atá faoi bhun 15 bliana d’aois ar an 1ú Bealtaine 2019. Bhí caighdeán na dtionscadal eolaíochta an-ard ar fad, agus ba dheacair ag na moltóirí buaiteoir a roghnú. Comhghairdeas leis na craobhiomaitheoirí agus leis na buaiteoirí uile a bhí ann ar an lá.